Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Breithnithe breise do Fhás Inbhuanaithe 2022 – Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta – Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe

(COM(2021) 740 final)

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/06)

Rapóirtéir: **Judith VORBACH**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	24.3.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	6.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	133/0/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Ó glacadh an chéad tuairim maidir le Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe tá athrú ollmhór tagtha ar chúrsaí de bharr ionsaí na Rúise ar an Úcráin. Dá thoradh sin, rinneadh meastóireachtaí ar fhíorfhás OTI san Aontas a ísliú agus na réamhaisnéisí boilscithe sa limistéar euro a ardú go leibhéal nach bhfacthas cheana, agus sin de bharr arduithe praghais sa mhargadh gáis, go príomha. Aithníonn CESE go bhfuil na príomhchuspóirí beartais uile a ghabhann le geilleagar atá dírithe ar an rathúnas faoi bhrú agus gur imthosca riosca suntasacha fós iad an ilroinnt gheo-eacnamaíoch, teannais gheo-eacnamaíocha agus paindéim COVID-19.

1.2. Athdhearbhaíonn CESE a éileamh go nglacfaí cur chuige beartais eacnamaíoch cothromaithe chun dul i ngleic le fadhbanna atá ann le fada agus chun freagairt do na géarchéimeanna atá ag bagairt orainn faoi láthair. Tá spriocanna an Aontais a leagtar síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) mar bhonn taca faoin rathúnas, faoin gcobhsaíocht pholaitiúil, faoin gcóineasú aníos, faoin iomaíochas agus faoin athléimneacht san Aontas, sin san am atá thart, san am i láthair agus amach anseo. Ní ceart ligean don ghéarchéim reatha spriocanna cothroime agus spriocanna comhshaoil a chur i mbaol. Maidir le praghsanna ag dul in airde, tá géarghá le cosaint a thabhairt dóibh siúd is leochailí agus do na cuideachtaí is neamhchosanta, FBManna go sonrach. Thairis sin, is den ríthábhacht cumhacht cheannaigh na dteaghlach ísealioncaim agus meánioncaim a choimirciú, arb iadsan atá freagrach as cuid mhór den éileamh eacnamaíoch. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhlúthpháirtíocht le pobal na hÚcráine, d'fheabhsú uathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh agus do thréaniarracht ar son na síochána.

1.3. Is príomhuirlis anois é an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta chun tosaíochtaí beartais an Aontais a bhaint amach faoi scáth an tSeimeastair Eorpaigh (dá ngairtear "an Seimeastar" anseo feasta). Chuidigh sé le cobhsú an gheilleagair le linn na paindéime agus tá príomhról aige sa fhreagairt ar an ngéarchéim reatha. Tá CESE á iarraidh go ndéanfaí na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme chun go mbeidh tionchar nithiúil acu ar dhea-bhail daoine. Ós rud é go mbeidh ról níos suntasaí ag na moltaí tírshonracha, tá faireachán cúramach, de bhreis ar chur chuige cothromaithe, á iarraidh ag CESE. Tá CESE á iarraidh go ndéanfaí an Seimeastar, trína ráthaítear rannpháirtíocht ardcháilíochta na sochaí sibhialta eagraithe, a athchóiriú. Maidir leis na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, tá CESE á chur in iúl gur díol sásaimh dó an moladh go dtarraingeofaí ar chur i bhfeidhm rathúil phrionsabal na comhpháirtíochta, agus tá sé á iarraidh aige go ndéanfaí rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe éigeantach.

1.4. Tá sé á chur in iúl ag CESE go bhfuil an méadú ar na spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht ina dhíol sásaimh dó agus tá sé á chur i bhfáth aige nach mór an inbhuanaitheacht chomhshaoil a bheith ina príomhthosaíocht. Thairis sin, tá sé á iarraidh go gcuirfí athchóiriú mhargadh leictreachais na hEorpa chun cinn go tapa agus mar ábhar práinne. Beidh gá le hinfheistíocht ollmhór chun an t-aistriú glas a chur chun cinn agus an uathriail straitéiseach a fheabhsú. Tá CESE á iarraidh ar an gCoimisiún dearcadh struchtúrtha a thabhairt ar cé na cistí AE ar cheart

leas a bhaint astu agus ar an méid infheistíochta ba cheart a bheith cumhdaithe le cláir AE, ag na Ballstáit, le huirlisí maoiniúcháin príobháideacha nó le huirlisí maoiniúcháin measctha. Tá CESE á mholadh Ciste um Oiriúnú don Athrú Aeráide a chur chun feidhme agus, amach anseo, féachaint freisin leis an ionstraim théarnaimh Next Generation EU agus/nó an clár InvestEU a neartú. Tá sé á mholadh gan laghdú a dhéanamh ar chistí a bhaineann leis na cuspóirí sóisialta tráth a mbeidh cistí á n-athstruchtúrú nó an Creat Airgeadais ilbhliantúil nua á leagan amach.

1.5. Ba cheart an cóineasú aníos idir na Ballstáit a bheith á chur chun cinn de réir mar a chuirtear an margadh aonair i gcrích. Ba cheart dul i ngleic le saobhadh agus le bacainní agus tacaíocht a thabhairt do na réigiúin chun gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Teastaíonn dul chun cinn i dtaca leis an Margadh Caipitil agus an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche agus i dtaca leis an straitéis airgeadais inbhuanaithe a chur chun feidhme ar mhaithe le cobhsaíocht a áirithiú sa mhargadh airgeadais. Tá CESE á iarraidh go mbeadh cur chuige cóir cothrom ann chun feabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó agus ar an táirgiúlacht. Is uirlisí fíor-riachtanacha iad oiliúint agus taighde i gcónaí chun borradh a chur faoin iomaíochas, faoin uathriail straitéiseach agus faoi aistriú glas agus aistriú digiteach a bheidh cothrom. Tá CESE á chur in iúl gur díol sásaimh dó na tograí a dtarraingítear aird orthu sa Teachtaireacht *I dtreo geilleagar glas digiteach athléimneach: ár Samhail Fáis Eorpach*, ach leagann sé béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an uathriail straitéiseach a fheabhsú, táirgeadh príomhtháirgí a athlonnú san Aontas Eorpach agus gan neamhaird a thabhairt ar spriocanna sóisialta agus spriocanna comhshaoil feadh na slabhraí soláthair.

1.6. Maíonn an Coimisiún, agus an ceart aige, gur tacaíocht phoiblí spriocdhírithe do thionscadail a mbeidh breisluach follasach ag baint leo a theastaíonn chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh, agus gur cheart príomhról a bheith ag an mbeartas iomaíochta chuige sin. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí a bheidh trédhearcacht agus faireachán chun sláine a áirithiú agus na spriocanna a bheartaítear a bhaint amach. Ní mór éifeachtaí amhantair a sheachaint trína áirithiú nach ndéanfar infheistíochtaí a dhéanfaí ar aon nós a fhóirdheonú, agus níor cheart ró-ualach rioscaí a leagan ar na buiséid phoiblí. Ar deireadh, ba cheart na bearta státchabhrach a bheith nasctha le cruthú post ardcháilíochta agus cearta oibrithe, caighdeáin chomhshaoil agus oibleagáidí fioscacha a urramú.

1.7. Tá CESE ag tacú leis na moltaí ón gCoimisiún maidir le húsáid uathchobhsaitheoirí a cheadú, le feabhas a chur ar an infheistíocht agus le clásal ginearálta éalaithe a chur i bhfeidhm ar feadh 2023. Mar sin féin, tá amhras ar CESE faoi fhás an chaiteachais reatha a mhaoinítear go náisiúnta a bheith á theorannú faoi bhun an aschuir mheántéarma fhéideartha, agus faoin rún atá ann measúnú a dhéanamh ar a ábhartha a bheidh sé tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach in earrach 2023. Go dtí seo, is ar éigin a rinneadh rialacha fioscacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus níor cuireadh na smachtbhannaí i bhfeidhm riamh. Tá CESE ag athdhearbhú a éilimh go nuashonrófaí an creat fioscach trí spriocanna réalaíocha a leagan síos agus riail órga a ionchorprú ann gan inbhuanaitheacht fhioscach mheántéarma a chur i mbaol, agus go ndéanfaí treoirlínte le haghaidh idirthréimhse a chur ar aghaidh. Ní mór luach an Euro a chaomhnú trí chur chuige cothrom airgeadaíochta agus fioscach i gcomhréir le rialachas fónta maicreacnamaíoch. Ar deireadh, tá CESE á chur i bhfios go bhfuil córas cóir caiteachais *agus* ioncaim ina réamhchoinníoll le haghaidh na hinbhuanaitheachta fioscaí.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. I mí Feabhra 2022, ghlac CESE tuairim maidir le ASGS 2022 ([1]). An tráth úd, bhí an tAontas Eorpach tar éis dul i ngleic leis an gcúlú eacnamaíoch ba mheasa riamh ó bunaíodh é ([2]) agus glacadh bearta tacaíochta chun an buille sin a mhaolú agus staid éagobhsaí a sheachaint. A bhuí leis an ionstraim théarnaimh Next Generation EU, tá an tAontas ar thairseach céim nua sa bheartas eacnamaíoch agus sa dlúthpháirtíocht eacnamaíoch. Ós rud é gur thug an Coimisiún ról suntasach sa Chiste Téarnaimh agus Athléimneachta don Seimeastar agus gur mhéadaigh sé ar thábhacht an tSeimeastair sa chomhordú beartais dá réir, d'athdhearbhaigh CESE a éileamh go mbeadh páirt níos mó ag an tsochaí shibhialta eagraithe sa Seimeastar. Chuir CESE in iúl gur díol sásaimh dó an clár oibre don inbhuanaitheacht iomaíoch, agus é á chur i bhfios aige san am céanna gur cheart na ceithre ghné a bhaineann leis – inbhuanaitheacht comhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch – a chur ar bhonn cothrom d'fhonn na héifeachtaí atreisithe a cheaptar a bheidh acu agus aistriú cóir glas agus digiteach a bheidh cothrom a bhaint amach.

2.2. Mar a bhí rinneadh sna blianta roimhe seo, cuirtear san áireamh sa tuairim bhreise próisis an tSeimeastair leanúnaigh agus cuirtear ionchur ar fáil inti don chéad timthriall eile. Is tábhachtaí fós an méid sin i mbliana. Ó thosaigh ionsaí na Rúise ar an Úcráin, tá athrú as cuimse tagtha ar chúrsaí geopholaitiúla. Cuireadh ord eile ar thosaíochtaí agus cuireadh beartais in oiriúint dá réir, amhail a léirítear sna Teachtaireachtaí *Plean RepowerEU* ([3]) agus *I dtreo geilleagar glas digiteach athléimneach: ár Samhail Fáis Eorpach* ([4]). Chonacthas go soiléir le linn na paindéime gur creat inchreidte le haghaidh

([1]) Féach Tuairim CESE *Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe*, (IO C 275, 18.7.2022, lch. 50).
([2]) Féach Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa. Earrach 2020 (europa.eu), lch. 1.
([3]) COM/2022/230 final.
([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach *I dtreo geilleagar glas digiteach athléimneach: ár Samhail Fáis Eorpach*.

chomhordú beartais AE é an Seimeastar, a bhfuil athrú córasach á dhéanamh air faoi láthair. I bPacáiste an Earraigh, tugtar léiriú cuimsitheach ar impleachtaí na géarchéime reatha. Dála na Teachtaireachta ([5]), tá an tuairim seo bunaithe ar ghnéithe an chláir oibre maidir le hinbhuanaitheacht iomaíoch.

2.3. An cogadh san Úcráin agus na smachtbhannaí a lean é, mar aon leis na bearta imshrianta a cuireadh i bhfeidhm sa tSín agus an moilliú ar an bhfás sna Stáit Aontaithe, tá siad uile ag bualadh buille ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Tá an méadú géar ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí bia ag cur leis an mboilsciú, rud a bhaineann den chumhacht cheannaigh agus a chuireann bac ar an iomaíochas. Tá an tAontas Eorpach leochaileach mar gheall ar a shuíomh geografach, ar a ardleibhéal spleáchais ar bhreoslaí allmhairithe agus ar a comhtháthaithe atá sé i slabhraí luacha domhanda. I Réamhaisnéis an tSamhraidh, íslíodh meastóireachtaí ar fhás OTI iarbhír go 2,7 % in 2022, agus ardaíodh réamhaisnéisí maidir le boilsciú in 2022 go 8,3 %, an meán is airde dá bhfacthas riamh ([6]). Cuireann an Coimisiún i bhfáth go mbaineann ardleibhéal éiginnteachta le réamhaisnéisí mar gheall ar mhéid na suaití atá ann de bharr an chogaidh agus a eisceachtúla atá siad. De réir cosúlachta, d'fhéadfadh méaduithe breise ar phraghsanna, mar aon le hiarmhairtí tánaisteacha, cur le treochtaí marbh-bhoilscithe agus tá gach dealramh air go mbeidh drochthionchair pholaitiúla ann freisin. Is fachtóirí riosca i gcónaí iad teannais gheopholaitiúla agus COVID-19 ([7]).

2.4. Tá na príomhchuspóirí beartais uile a ghabhann le geilleagar atá dírithe ar an rathúnas faoi bhrú mar gheall ar an ngéarchéim a bhí ann le déanaí ([8]). Ar na príomhchuspóirí sin tá inbhuanaitheacht chomhshaoil, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, lánfhostaíocht agus obair ardcháilíochta, dáileadh cothrom, sláinte agus cáilíocht saoil, cobhsaíocht airgeadais, cobhsaíocht praghsanna, trádáil chothrom bunaithe ar struchtúr tionsclaíoch agus eacnamaíoch atá cóir agus iomaíoch, agus airgeadas poiblí cobhsaí. Athdhearbhaíonn CESE a éileamh go nglacfaí cur chuige beartais cothromaithe a dhíríonn ar na cuspóirí sin uile chun dul i ngleic le fadhbanna atá ann le fada agus chun freagairt leordhóthanach a thabhairt ar na géarchéimeanna atá ag bagairt orainn faoi láthair agus a bhí ann le déanaí, i gcomhréir le hAirteagal 3 CAE. Ba é bonn rathúnas an Aontais sna blianta atá thart gur cloíodh le haidhmeanna agus prionsabail an Aontais, agus is é sin an bonn céanna a bheidh leis an gcobhsaíocht pholaitiúil, an cóineasú aníos, an t-iomaíochas agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna nua, san am i láthair agus amach anseo. Níor cheart spriocanna cothroime agus spriocanna comhshaoil an Aontais a chur i mbaol mar thoradh ar a fhreagairt d'ionsaí na Rúise.

2.5. Tá iliomad cúiseanna leis na méaduithe eisceachtúla ar phraghsanna, lena n-áirítear easnaimh i mbeartais an Aontais. Dúirt Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, agus an láncheart aici, nach bhfuil dearadh an mhargaidh leictreachais atá ann faoi láthair oiriúnach dá fheidhm a thuilleadh agus nach mór é a athchóiriú ([9]). Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle athchóiriú ar mhargadh fuinnimh an Aontais a chur chun cinn go pras, agus mar chuid de sin, aghaidh a thabhairt ar luaineacht dhíobhálach ghearrthéarmach agus le méaduithe fadtéarmacha ar phraghsanna. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí bearta diana, urghnácha agus sealadacha chomh maith. Ar na nithe a bhféadfaí tosú ag obair orthu cheana tá éifeacht an oird fiúntais, Malartán Fuinnimh an Aontais (EEX), mí-úsáid cumhachta margaidh agus tionchar idirbhearta amhantracha agus trádála ardmhinicíochta. Ba cheart praghsanna leictreachais a dhíchúpláil ó phraghas an gháis agus ba cheart cuimhneamh ar uasteorainneacha a chur le praghsanna. Ba cheart tobhaigh a ghearradh ar bhrabúis amhantair agus féachaint gan infheistíochtaí i réitigh ísealcharbóin a dhíspreagadh.

2.6. Ní mór gur ar an dlúthpháirtíocht le pobal na hÚcráine, ar fheabhsú uathriail straitéiseach an Aontais agus ar thréaniarrachtaí ar son na síochána a bheidh príomhfhócas thosaíochtaí an Aontais dírithe. Tá an méid sin i gcomhréir le hAirteagal 21 CAE, ina luaitear – i measc nithe eile – go ndéanfaidh an tAontas bearta a shaothrú lena ndéanfar "a luachanna, a bhunleasanna, a shlándáil, a neamhspleáchas agus a iomláine a choimirciú", "an daonlathas (…) a chomhdhlúthú agus tacú leo" agus "an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú". Chuige sin, aithníonn CESE freisin na cuspóirí atá cumhdaithe i nDearbhú Versailles ón gComhairle, eadhon ceannasacht an Aontais a atreisiú trína spleáchais straitéiseacha a laghdú, slándáil an tsoláthair i réimse na n-amhábhar criticiúil a mhéadú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a chéimniú amach. Is geal le CESE na bearta atá á nglacadh chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus tá sé á iarraidh aige go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta chuige sin.

([5]) Seimeastar Eorpach 2022: Teachtaireacht maidir le Pacáiste an Earraigh – An Coimisiún Eorpach (europa.eu).
([6]) *Summer 2022 Economic Forecast: Russia's war worsens the outlook* (europa.eu).
([7]) *Spring 2022 Economic Forecast: Russian invasion tests EU economic resilience* – An Coimisiún Eorpach (europa.eu).
([8]) Féach Tuairim CESE *Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe*, IO C 275, 18.07.2022, lch. 50.
([9]) Aitheasc ó Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin, le linn na díospóireacht ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa (8.6.2022) maidir le conclúidí chruinniú speisialta na Comhairle Eorpaí an 30 -31 Bealtaine 2022.

2.7. Is príomhuirlis anois é an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta chun tosaíochtaí beartais an Aontais a bhaint amach faoi scáth an tSeimeastair. Go deimhin, chuidigh sé cheana chun an geilleagar a chobhsú le linn na paindéime, chun borradh a chur faoin aistriú glas agus faoin aistriú digiteach agus chun dlús a chur leis an gcomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Beidh príomhról ag an gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta chomh maith i dtaca le hacmhainní a shlógadh agus a stiúradh chun freagairt don ghéarchéim a tharla le déanaí agus chun an Plean REPowerEU a chur chun feidhme. Táthar á iarraidh ar na Ballstáit caibidil ar leith ar an bPlean REPowerEU a áireamh ina bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, bunaithe ar na moltaí tírshonracha nua. Tá CESE á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta nuashonraithe a chur chun feidhme ar dhóigh éifeachtach inbhuanaithe chun go mbeidh tionchar dearfach inbhraite acu ar dhea-bhail daoine. Mar sin féin, ach gnóthú na spriocanna a leagtar amach sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a nascadh le híocaíocht amach an Chiste Téarnaimh agus Athléimneachta, is amhlaidh is suntasaí a bheidh na moltaí tírshonracha. Ní mór faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an athrú sin ar na nósanna imeachta agus tá CESE á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle cur chuige cothromaithe a áirithiú i ndáil leis sin.

2.8. Go háirithe, beidh gá le rannpháirtíocht níos mó na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bpróiseas an tSeimeastair ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go ndéantar ionadaíocht iomchuí ar gach cuid den tsochaí, chun réitigh shaincheaptha a mbeidh tacaíocht iomlán acu ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chothú agus úinéireacht leathan na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach. Tá CESE á iarraidh go ndéanfaí athchóiriú ar an Seimeastar lena ráthófaí rannpháirtíocht éifeachtach agus ardcháilíochta trí bhíthin treorach nó rialacháin. Le linn próiseas comhairliúcháin foirmiúil bunaithe ar rialacha agus nósanna imeachta trédhearcacha, ba cheart eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur ar an eolas i scríbhinn agus tréimhse ama leordhóthanach a thabhairt dóibh chun na tograí a anailísiú agus a dtograí féin a dhréachtú. Ba cheart, maidir leis na tograí sin a chuimsiú nó diúltú dóibh, réasúnú a mbeidh fáil air i ndoiciméid phoiblí a bheith ag gabháil leo.

2.9. I gcomhthéacs na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, is mór ag CESE an moladh ón gCoimisiún maidir le "leas [a] bhaint as an gcaoi ar cuireadh prionsabal na comhpháirtíochta i bhfeidhm agus an beartas comhtháthaithe á chlársceidealú agus á chur chun feidhme", faoi mar a d'iarr CESE sa tuairim uaidh maidir le ASGS 2022. Ní mór rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe a bheith éigeantach. Sa chéad rún uaidh ([10]) maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i ndearadh na bpleananna, ba é conclúid CESE, tríd is tríd, nár leor an méid sin i bhformhór na mBallstát agus d'iarr sé go leagfaí síos íoschaighdeáin maidir le comhairliúchán den sórt sin. Sa dara rún uaidh ([11]), d'iarr CESE ar chuid mhaith de na Ballstáit rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cur chun feidhme trédhearcach agus faireachán agus an soláthar faisnéise don phobal a fheabhsú agus breis idirphlé maidir leis na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta leis na geallsealbhóirí uile a spreagadh, rud a d'fhéadfadh cabhrú le mí-úsáid agus calaois a chosc freisin. Ina theannta sin, tá dea-chleachtais san áireamh sa rún, amhail comhlacht faireacháin a bhunú ina gcuimseofar an tsochaí shibhialta eagraithe agus a d'fhéadfadh a bheith ina eiseamláir le haghaidh Ballstáit eile. Le linn a chomhdhála bliantúla, d'iarr an Grúpa um an Seimeastar Eorpach in CESE an athuair go ndéanfaí rannpháirtíocht na sochaí sibhialta éigeantach de réir an dlí ([12]). Tá an iarraidh maidir le rannpháirtíocht iomchuí na sochaí sibhialta eagraithe agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach léirithe sa chomhthuarascáil féintionscnaimh ón gCoiste um Buiséid agus ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ([13]). Leis sin, cuirtear ar fáil ionchur Pharlaimint na hEorpa sa tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a ghlac an Coimisiún Eorpach an 29 Iúil 2022 ([14]).

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. *Fuinneamh agus inbhuanaitheacht comhshaoil*

3.1.1. Tá an Coimisiún á chur i bhfios, agus an ceart aige, má chuirtear dlús leis an dícharbónú go "laghdófar ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus, an tráth céanna, cabhróidh sé lenár spriocanna aeráide do 2030 a bhaint amach". Tá sé á chur i bhfáth ag CESE nach mór an inbhuanaitheacht comhshaoil a chur i lár an aonaigh agus gur díol sásaimh dó an sprioc maidir le fuinneamh inathnuaite i measc iomlán fuinnimh an Aontais a bheith ardaithe go 45 % ar a laghad agus an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh faoina mbeidh laghdú 13 % ar an ídiú fuinnimh faoi 2030 mar chuid den phlean REPowerEU. Is díol sásaimh dó freisin na moltaí maidir le hinfheistíochtaí san fhuinneamh ar cheart a dhíriú, i measc nithe eile, ar thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha, ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus dícharbónú tionscail, ar thaighde agus nuálaíocht a chur chun cinn agus ar bhorradh a chur faoin mbonneagar, lena n-áirítear i gcomhthéacs trasteorann.

([10]) IO C 155, 30.4.2021, lch. 1.
([11]) Féach an Rún ó CESE Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Cad a oibríonn agus cad nach n-oibríonn? (níl leagan Gaeilge ann). IO C 323, 26.8.2022, lch. 1
([12]) Comhdháil bhliantúil an Ghrúpa um an Seimeastar Eorpach 2022 – Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (europa.eu).
([13]) 2021/2251 (INI), pointe 88.
([14]) COM(2022) 383 final.

3.1.2. Bhí bearna idir riachtanais infheistíochta agus maoiniú roimh an gcogadh san Úcráin, fiú. Chun an sprioc idirmheánach a bhaint amach faoi 2030, mar atá laghdú 55 % a dhéanamh ar astaíochtaí i gcomparáid le leibhéil 1990, meastar go mbeidh riachtanais bhliantúla infheistíochta suas le EUR 520 billiún i gceist ([15]). Tiocfaidh riachtanais thairis sin chun cinn maidir le huas-sciliú agus athsciliú, oiriúnú don athrú aeráide agus príomhtheicneolaíochtaí, amhail cadhnraí. Ar an taobh eile, beidh thart ar 30 % de bhuiséad an Aontais 2021-2027 á chaitheamh ar an aistriú glas. Meastar go soláthróidh an beartas comhtháthaithe thart ar EUR 100 billiún idir 2020 agus 2030 agus ba cheart EUR 224,1 billiún a bheith ag teacht ón gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta ([16]). Léirítear san anailís ón gCoimisiún go mbeidh 210 billiún d'infheistíocht bhreise i gceist leis an bPlean REPowerEU idir seo agus 2027, sin anuas ar an méid a theastaíonn chun cuspóirí na dtograí "Oiriúnach do 55" a bhaint amach. Chun an maoiniú a shlógadh, tá féidearthachtaí éagsúla á moladh a bheidh ag brath ar an gcomhchuid iasachta ón gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta den chuid is mó. Tá CESE á iarraidh ar an gCoimisiún dearcadh struchtúrtha a thabhairt ar cé na cistí AE ar cheart leas a bhaint astu agus ar an méid infheistíochta ba cheart a bheith cumhdaithe trí chláir AE, ag na Ballstáit, trí infheistíocht phríobháideach nó trí mheascán díobh siúd.

3.1.3. I bhfianaise a phráinní atá sé dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus ó tharla gur chun an leasa chomhchoitinn é, tá CESE á mholadh go mór go mbainfeadh na Ballstáit leas cuimsitheach as na deiseanna atá á dtairiscint gan mhoill tríd an ionstraim théarnaimh Next Generation EU, trí na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta agus tríd an bPlean REPowerEU a eisíodh le déanaí. Más amhlaidh nach leor na bearta reatha chun freastal ar na riachtanais chistiúcháin, a d'fhéadfadh a bheith ag dul i méid, beidh gníomhaíocht thairis sin ag teastáil. Tá CESE á iarraidh go mbunófaí Ciste um Oiriúnú don Athrú Aeráide ([17]) chun tacaíocht a thabhairt láithreach i gcás tubaistí. Ina theannta sin, fiú dá gcuirfí riail óir chun feidhme, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé d'acmhainn ag roinnt Ballstát na méideanna infheistíochta a theastaíonn a thiomsú gan a n-inbhuanaitheacht fhioscach a chur i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar an ionstraim théarnaimh Next Generation EU agus/nó an clár InvestEU a neartú. D'fhéadfaí deontais agus/nó iasachtaí a nascadh le hinfheistíocht san aistriú fuinnimh mar bhealach chun tosaigh. Tá CESE á iarraidh go mbeadh cur chuige cóir cothrom ann chun feabhas a chur ar thimpeallacht an ghnó agus ar an táirgiúlacht. Ar aon nós, i gcás ina mbeidh cistí reatha á n-athstruchtúrú agus i gcomhthéacs an Chreata nua airgeadais ilbhliantúil freisin, tá rabhadh á thabhairt ag CESE gan cistí a bhaineann le cuspóirí sóisialta agus aistriú cóir a laghdú.

3.1.4. Tá sé curtha i bhfios ag an gCoimisiún, agus an ceart aige, "[nach] éireoidh le claochlú an gheilleagair Eorpaigh ach amháin má bhíonn sé cóir agus cuimsitheach agus más féidir le gach duine leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an aistriú dúbailte" ([18]). Ba cheart dó beart a dhéanamh de réir a bhriathair. Tá CESE ag athdhearbhú a éilimh maidir le tionchar an aistrithe ar chúrsaí fostaíochta agus ar scileanna a mhapáil agus anailís a dhéanamh air ([19]). I dtráthanna éiginnteachta agus géarchéime níos mó ná am ar bith, ba cheart dul i muinín an idirphlé shóisialta agus an rialachais chorparáidigh fhónta a bhfuil oibrithe rannpháirteach ann agus an cheaptha beartas a bhfuil comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí sochaí sibhialta rannpháirteach ann. Agus ar deireadh, ba cheart tosaíocht ar an gclár oibre a bheith ag an uile ghné den inbhuanaitheacht comhshaoil, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht agus cosc ar thruailliú, Ba cheart an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na bPleananna Náisiúnta nua Téarnaimh agus Athléimneachta.

3.2. *Táirgiúlacht*

3.2.1. Ba cheart an cóineasú aníos eacnamaíoch agus sóisialta idir na Ballstáit a bheith á chur chun cinn de réir mar a chuirtear an margadh aonair i gcrích. Aontaíonn CESE leis an gCoimisiún nach mór dul i ngleic le saobhadh laistigh den mhargadh aonair agus leis na bacainní ar an margadh. Ach cuidiú leis na réigiúin barr a gcumais a bhaint amach, ní hamháin go rannchuideofar le margadh aonair níos comhtháthaithe a chruthú ach feabhsófar táirgiúlacht san Aontas agus rannchuideofar leis an inbhuanaitheacht fuinnimh, óir is mór idir cumas na réigiún éagsúil ó thaobh foinsí inathnuaite fuinnimh a tháirgeadh. Tá dul chun cinn ag teastáil chun an Margadh Caipitil agus an Aontas Baincéireachta a chur i gcrích agus, san am céanna, chun cobhsaíocht a áirithiú sa mhargadh airgeadais i dtreo gur féidir maoiniú agus infheistíocht iontaofa fhónta a chur chun cinn. Go sonrach, neartaítear margaí caipitil an Aontais agus ról idirnáisiúnta an euro leis an iasachtú le haghaidh Next Generation EU. Ina theannta sin, tá aird á tarraingt ag CESE ar an gcreat airgeadais inbhuanaithe arb é is aidhm dó an infheistíocht phríobháideach a stiúradh i dtreo na hinbhuanaitheachta, agus tá sé á chur i bhfáth freisin a thábhachtaí atá sé rioscaí aeráide a chur san áireamh.

3.2.2. Tá CESE á chur in iúl gur díol sásaimh dó cur chuige cuimsitheach ina n-áirítear infheistíocht agus athchóirithe ar mhaithe le timpeallacht an ghnó a fheabhsú agus táirgiúlacht a chur chun cinn ar bhealach cóir cothrom. Ba cheart athchóirithe a bheith dírithe ar riarachán poiblí éifeachtach, bonneagar iompair nua-aimseartha, oiliúint agus oideachas ar

([15]) Sin ardú ón EUR 683 bhilliún a infheistíodh in aghaidh na bliana le deich mbliana anuas. I gcás idirmheánach, is é EUR 360 billiún an infheistíocht náisiúnta bhreise a mheastar a bheidh ag teastáil ar meán go dtí 2030. Féach *Bruegel Policy Contribution* Eagrán Uimh. 18/21, – Meán Fómhair 2021. Beidh breis infheistíochta fós ag teastáil i ndiaidh 2030.

([16]) COM(2022)231 final.

([17]) Féach an tuairim ó CESE *An Sásra Coigeartaithe Aeráide á mhaoiniú tríd an gCiste Comhtháthaithe agus Next Generation EU* (IO C 486, 21.12.2022, lch. 23).

([18]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach *I dtreo geilleagar glas, digiteach agus athléimneach* (COM(2022) 83 final).

([19]) Féach Tuairim CESE *"Oiriúnach do 55": sprioc aeráide an Aontais do 2030 i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach*, (IO C 275, 18.7.2022, lch. 101).

ardchaighdeán agus éifeachtúlacht acmhainní. Aontaíonn CESE leis an gCoimisiún gur bunriachtanais iad córais cheartais atá neamhspleách, ar ardchaighdeán agus éifeachtúil agus creata frithéillithe dea-fheidhmiúla. Is uirlisí fíorthábhachtacha i gcónaí iad taighde agus nuálaíocht, maille leis an oideachas, chun borradh a chur faoin táirgiúlacht, faoin iomaíochas, faoin aistriú glas agus faoin aistriú digiteach, faoin gcóineasú aníos agus faoi uathriail straitéiseach an Aontais. Tá CESE á chur in iúl gur díol sásaimh dó na moltaí ón gCoimisiún chun malartú eolais a éascú, barr feabhais a áirithiú, nuálaíocht ghnó a chothú agus tallann a mhealladh i measc rudaí eile.

3.2.3. Is iad seo a leanas barúlacha CESE i dtaobh na Teachtaireachta *I dtreo geilleagar glas digiteach athléimneach: ár Samhail Fáis Eorpach*. Tá aird á tarraingt ag an gCoimisiún ar ghníomhaíochtaí chun spleáchais straitéiseacha a laghdú, amhail comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, comhghuaillíochtaí tionsclaíochta, infheistíocht phoiblí agus phríobháideach agus, go háirithe, éagsúlú na slabhraí soláthair. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an tAontas clár oibre saorthrádála a chur chun cinn ar bhealach cóir gan neamhaird a dhéanamh ar na spriocanna comhshaoil agus na spriocanna sóisialta feadh na slabhraí soláthair. A mhéid a bhaineann le soláthar na n-amhábhar criticiúil agus soláthairtí criticiúla, níor cheart don Aontas a fhágáil go mbeidh spleáchais nua ar stáit nach dtagann leis an Aontas ar a chuid luachanna. Ba cheart dó a bheith ar a dhícheall uathriail straitéiseach a bhaint amach. Ina theannta sin, ba cheart táirgeadh príomhtháirgí, amhail leigheasanna, a athlonnú san Aontas Eorpach chun féachaint chuige go mbeidh siad ar fáil i gcás éigeandála.

3.2.4. Is cumasóir don aistriú glas, don táirgiúlacht agus don iomaíochas í an digiteáil. Tá béim á leagan ag an gCoimisiún, mar is ceart, ar cheithre réimse gníomhaíochta, eadhon oideachas digiteach agus scileanna agus inniúlachtaí digiteacha, bonneagair dhigiteacha agus nascachta a bheidh slán agus inbhuanaithe, claochlú digiteach gnólachtaí, agus digiteáil na seirbhísí poiblí agus na gcóras oideachais. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, beidh breis infheistíochtaí i bpríomhtheicneolaíochtaí digiteacha ag teastáil, lena n-áirítear cibearshlándáil, intleacht shaorga, spásanna sonraí agus leathsheoltóirí. Tá CESE á iarraidh go mbeadh digiteáil inbhuanaithe ann trí chearta sóisialta a choimirciú, tríd an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus trí dhramhaíl leictreonach agus úsáid uisce a laghdú.

3.2.5. Maíonn an Coimisiún gur ón earnáil phríobháideach a thiocfaidh sciar mór de na hinfheistíochtaí lena ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a mhaoiniú agus an athléimneacht a fheabhsú, agus gur cheart infheistíochtaí a spriocdhíriú go maith agus infheistíochtaí príobháideacha a bhrú isteach leo, agus teipeanna sa mhargadh a cheartú. Go deimhin, tá sé mar aidhm ag an Aontas EUR 1 trilliún a shlógadh as seo go ceann deich mbliana trí bhuiséad an Aontais agus trí ionstraimí gaolmhara. Maíonn an Coimisiún, agus an ceart aige, gur tacaíocht phoiblí atá spriocdhírithe ar thionscadail a mbeidh breisluach follasach ag baint leo a theastaíonn, agus gur cheart príomhról a bheith ag an mbeartas iomaíochta chuige sin. Go sonrach, i gcomhthéacs an chláir InvestEU nó cláir chosúla, leagann CESE béim ar an ngá atá le trédhearcacht agus faireachán má táthar chun sláine a áirithiú agus na spriocanna a bheartaítear a bhaint amach Ní mór éifeachtaí amhantair a sheachaint trína áirithiú nach ndéanfar infheistíochtaí a dhéanfaí ar aon nós a fhóirdheonú. Ní mór leithdháiltí a bheith trédhearcach agus ba cheart rioscaí a chomhroinnt ar bhealach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de chun nach leagfar ualach rómhór ar earnálacha poiblí. I gcomparáid le cistiú poiblí, níor cheart costais níos airde a bheith ann agus ba cheart dlúthbhaint a bheith ag bearta státchabhrach le cruthú post ardcháilíochta agus le cearta oibrithe, caighdeáin chomhshaoil agus oibleagáidí fioscacha a urramú.

3.3. *An chothroime*

3.3.1. Cé go bhfuil an tAontas Eorpach ag éirí go maith leis ar an leibhéal domhanda, is mórdhúshlán iad na héagothromaíochtaí atá idir na Ballstáit agus na réigiúin agus laistigh díobh. Tá léirithe ag an gCoimisiún go raibh éagothromaíochtaí ioncaim i gcoitinne agus baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta réasúnta cobhsaí in 2019 agus 2020 a bhuí le prasfhreagairt beartais, cé nach fios go fóill na héifeachtaí a bheidh ann sa mheántéarma. Buaileadh buille díréireach ar go leor díobh siúd a raibh dálaí níos measa rompu. Is iad na teaghlaigh ísealioncaim is measa atá thíos leis an ardú ar phraghsanna. Ina theannta sin, tá praghsanna tithe ag méadú go mór i gcónaí. Tá an ráta fáis is airde le deich mbliana anuas á chlárú i roinnt de na Ballstáit, agus tá rátaí úis tar éis tosú ag méadú. Tá na milliúin duine ag fulaingt de bharr titim ina n-ioncam indiúscartha agus iad ag streachailt leis an saol. Is ann d'éiginnteachtaí móra i gcónaí; tá tubaistí a bhaineann leis an aeráid ag dul i méid agus tá athruithe struchtúrtha ag tarlú de thoradh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

3.3.2. Ní hamháin gur sprioc inti féin í an inbhuanaitheacht shóisialta ach is réamhchoinníoll í le haghaidh staid chobhsaí eacnamaíoch agus pholaitiúil, táirgiúlacht chóir agus iomaíochas cóir. Ní do dhea-bhail an duine aonair amháin a dhéantar difear de bharr laghduithe in ioncaim réadach agus ionchais ghruama, déantar difear freisin don éileamh eacnamaíoch agus, dá réir sin, do phleananna infheistíochta, don táirgeadh agus don fás. Ina theannta sin, cé gur follas a hathléimní atá earnáil na baincéireachta agus gur laghdaíodh go suntasach iasachtaí neamhthuillmheacha, seachas i dtrí cinn de na Ballstáit, d'fhéadfaí an athléimneacht sin a chur i mbaol dá mbeadh cúlú eacnamaíoch eile ann Tá rabhadh á thabhairt ag CESE maidir le héifeachtaí indíreacha den sórt sin. Maidir le praghsanna ag dul in airde, tá géarghá le cosaint a thabhairt dóibh siúd is leochailí agus cumhacht cheannaigh na dteaghlach ísealioncaim agus meánioncaim a choimirciú, arb iadsan atá freagrach as cuid mhór den éileamh eacnamaíoch.

3.3.3. Tá CESE á chur in iúl gur díol mór sásaimh dó na bearta a rinneadh chun iad siúd is leochailí a chosaint agus chun tionchar sóisialta an iliomad géarchéimeanna san Aontas a mhaolú, mar shampla tríd an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE), agus chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Aontaíonn CESE leis an gCoimisiún faoina thábhachtaí atá sé rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán ar an uile leibhéal a áirithiú, faoina thábhachtaí atá cumhdach imleor na líontán sábhála sóisialta agus

tithíocht inacmhainne agus shóisialta agus córais chúraim sláinte athléimneacha agus inbhuanaithe. Tarraingíonn CESE aird air gur gá tacaíocht a thabhairt freisin do dhaoine óga atá thíos leis an ngéarchéim fuinnimh. Go deimhin, tá ríthábhacht le cur chun feidhme iomlán Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Is céim sa treo ceart é a chur chun feidhme i dtimthriall an tSeimeastair Eorpaigh agus faireachán a bheith á dhéanamh air tríd an Scórchlár Sóisialta. Agus an meall mór ar deireadh, is mór an díol sásaimh iad na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí laistigh de na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, a rannchuidíonn leis an gcuimsiú sóisialta agus an athléimneacht.

3.3.4. Léirítear le hagallaimh a rinneadh i gcomhthéacs an rúin ó CESE maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe, gur sách tearcfhorbartha í an ghné shóisialta i roinnt de na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá sé á mholadh ag CESE aird a thabhairt ar éifeachtaí dáileacháin agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a mheas go cúramach i gcomhthéacs na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Ina theannta sin, tá CESE á iarraidh go gcuirfear meastachán ar fáil ar an infheistíocht a bheidh ag teastáil chun an Colún a chur chun feidhme. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a aimsiú idir saoirsí eacnamaíocha agus cearta sóisialta agus cearta mhargadh an tsaothair. Níor cheart riamh breathnú ar chearta náisiúnta chun fostaithe a chosaint mar bhacainní riaracháin ar an margadh ([20]). Agus an margadh aonair á neartú, ba cheart urraim chomhionann a thabhairt do chearta sóisialta agus saothair chun an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas i dtreo inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a chosaint ar bhealach cothrom.

3.4. *Cobhsaíocht Mhaicreacnamaíoch*

3.4.1. Trí thacaíocht fhioscach mhórscála a éascú agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, rannchuidíodh go cinntitheach leis an gcobhsaíocht eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil a choimirciú agus, thar aon ní eile, cuireadh leis an muinín. Ina theannta sin, cé go bhfuil difear an-mhór déanta don téarnamh eacnamaíoch ó bhris an cogadh amach, is ríchosúil go gcabhróidh an staid fhioscach réidh in 2022 le tionchar na géarchéime a tharla le déanaí a mhaolú arís agus an chobhsaíocht a choimirciú. Tacaíonn CESE leis na moltaí ón gCoimisiún maidir le huathchobhsaitheoirí a cheadú agus infheistíocht a fheabhsú chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun feidhme. Go sonrach, is geal leis go leanfaidh an clásal éalaithe ginearálta de bheith i bhfeidhm le linn 2023, óir le fírinne níl staid eacnamaíoch an Aontais tagtha chuici féin go fóill agus ní mór do na Ballstáit a bheith in ann freagairt go pras más gá. Is feasach do CESE go ndearna an Banc Ceannais Eorpach rátaí úis a ardú den chéad uair le haon bhliain déag anuas, agus tá gníomhaíocht bheartais á hiarraidh go láidir aige lena n-áiritheofar go mbeidh na raonta bannaí réidh agus lena gcuirfear cosc ar shuaití sna margaí airgeadais chun nach gcuirfear infheistíocht phríobháideach san aistriú fuinnimh i mbaol agus nach mbeidh cúlú eacnamaíoch ann. Siúd is gur féidir go n-éileofar leis na spriocanna sin go mbainfí úsáid fhorleathan as bosca uirlisí BCE, ní leor an beartas airgeadaíochta ann féin chun srian a chur le dinimic reatha praghsanna ar bhealach inbhuanaithe.

3.4.2. Tá CESE á chur in iúl gur díol sásaimh dó na bearta lánroghnacha fioscacha chun maolú ar éifeachtaí na bpraghsanna arda fuinnimh, a mheastar gurb ionann agus 0,6 % de OTI AE iad in 2022, dóibh siúd is leochailí agus go sonrach do thionscail neamhchosanta. Mar sin féin, d'fhéadfadh an ganntanas fuinnimh agus an tionchar ar phraghsanna tráchtearraí eile a bheith ann sa mheántéarma freisin, i dteannta na dteannas geopholaitiúil leanúnach agus brú breise anuas ar gheilleagar an Aontais. Ina theannta sin, leis na hionchais maidir le ráta íseal fáis agus brúnna níos géire ar phraghsanna, beidh dúshláin nua le sárú trí bheartas eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, tacaíonn CESE leis an moladh ón gCoimisiún go mbeadh an tAontas faoi réir chun freagairt don staid eacnamaíoch athraitheach. Ní mór súil ghéar a choinneáil ar chúrsaí chun aon chor nua a d'éileodh gníomh fioscach cobhsaitheach a bhrath ag céim sách luath, agus réamh-mheas a dhéanamh ar an ngá le síneadh a chur leis na bearta tacaíochta.

3.4.3. Tá amhras ar CESE maidir le fás caiteachais reatha a mhaoinítear ar bhonn náisiúnta a theorannú faoi bhun an aschuir fhéideartha mheántéarmaigh sna Ballstáit a bhfuil ardleibhéal fiachais orthu. Tá sé á chur i bhfios san am céanna go gcaithfidh aon rialú ar an gcaiteachas reatha príomhúil an tionchar sóisialta a chur san áireamh agus tá rabhadh á thabhairt aige gan caiteachas sa réimse sóisialta, i réimse an chúraim sláinte agus i réimse an oideachais a laghdú. Os a choinne sin, ba cheart dul i ngleic le héagsúlachtaí idir na Ballstáit ar bhealach atá dírithe ar an rathúnas, mar shampla trí thaighde agus forbairt a chur chun cinn agus breis oiliúna a chur ar fáil. Tá CESE in amhras freisin faoina ábhartha a bheadh sé tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach in earrach 2023, agus luann sé gur ar éigean a cuireadh rialacha fioscacha an Aontais chun feidhme ([21]) agus nach ndearnadh smachtbhannaí chéim 2 den nós imeachta um easnamh iomarcach a chur i bhfeidhm riamh óir dhéanfaidís an scéal níos measa le linn cruatan eacnamaíoch. Ina theannta sin, ceistíonn CESE an bhféadfaí nósanna imeachta um easnamh iomarcach a chur i bhfeidhm má tá feidhm fós ag an gclásal éalaithe.

([20]) Féach tuairim ó CESE maidir le *Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe* (IO C 275, 18.7.2022, lch. 50), pointe 3.2.3.

([21]) De réir réamhaisnéisí Dheireadh Fómhair 2015 ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, ní rabhthas den tuairim go mbeadh an riail 1/20 (laghdú 1/20 a dhéanamh ar fhiachas) á leanúint ag naoi gcinn de na Ballstáit sna trí bliana ina dhiaidh sin. Níor cuireadh chun feidhme an dara céim den nós imeachta um easnamh iomarcach (Bruegel Policy Contribution, Márta 2016).

3.4.4. Athdhearbhaíonn CESE a bhreithnithe maidir leis na laigí sa chreat fioscach reatha agus é á iarraidh arís aige go ndéanfaí an creat a nuachóiriú trí – i measc rudaí eile – spriocanna réalaíocha agus inoibrithe a leagan síos maidir le heasnaimh agus fiachas ([22]), ina n-ionchorprófaí riail órga maidir le hinfheistíocht agus faoina gceadófaí solúbthacht bhreise agus difreálú tírshonrach breise gan an inbhuanaitheacht fhioscach mheántéarmach a chur i mbaol. Ní mór luach an Euro a chaomhnú trí chur chuige cothrom airgeadaíochta agus fioscach i gcomhréir le rialachas fónta maicreacnamaíoch. D'iarr CESE ar an gCoimisiún freisin treoirlínte a chur ar aghaidh le haghaidh idirthréimhse ar lena linn nach ndéanfaí an nós imeachta um easnamh iomarcach a thionscnamh, sula dtiocfaidh an creat athbhreithnithe i bhfeidhm ([23]). Ina theannta sin, chuir Parlaimint na hEorpa i bhfáth i rún uaithi an 8 Iúil 2021, a thábhachtaí atá sé conair shoiléir i dtreo creat fioscach athbhreithnithe a bheith ann sula ndéanfar an clásal éalaithe ghinearálta a dhíghníomhú, más féidir, agus chuir sí i bhfios gur ardráta laghdaithe fiachais a bheadh mar thoradh ar chur i bhfeidhm an chreata fhioscaigh reatha, agus na conairí coigeartaithe go háirithe, agus go bhféadfadh sé baint ó chonair théarnaimh na ngeilleagar. Ar deireadh, d'fhonn rioscaí cobhsaíochta a sheachaint agus d'fhonn méadú ar an ullmhacht i leith géarchéimeanna agus ar an gcumas freagartha, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chistí iomchuí AE a chruthú.

3.4.5. Tacaíonn CESE go hiomlán leis an moladh go leanfaí de na comhiarrachtaí atá ar bun chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne pleanáil ionsaitheach cánach agus imghabháil cánach agus i gcoinne na n-éifeachtaí iarmhartacha lena mbaineann i measc na mBallstát, agus tá gníomhaíocht chomhordaithe á hiarraidh aige chuige sin. Is díol sásaimh do CESE an comhaontú ó OECD maidir le hathchóiriú an chánachais chorparáidigh agus tá sé ag moladh do na Ballstáit é a chur chun feidhme gan mhoill. Ba cheart don Aontas Eorpach an comhaontú sin a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta agus i bpáirt leis na mór-chomhpháirtithe trádála go sonrach. Ina theannta sin, is díol sásaimh iad na straitéisí maidir leis an ualach cánach a aistriú ón lucht saothair chun tacú leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach – ar choinníoll go ndéantar an tionchar dáilte a mheas go cúramach. Mar shampla, níl saobhadh chomh mór céanna ag baint le cáin mhaoine agus ba dheis í cáin a aistriú ón lucht saothair. Ina theannta sin, tarraingíonn CESE aird air, i gcomhthéacs beartas fioscach stuama a áirithiú, gur ar bhearta caiteachais amháin, agus nach ar bhearta ioncambhunaithe, a thugtar aghaidh. Ar an iomlán, is réamhchoinníoll é córas ioncaim cóir a bheith ann le haghaidh na hinbhuanaitheachta fioscaí agus chun airgeadas poiblí fónta a athbhunú, go háirithe i dtíortha a bhfuil fiachas ollmhór orthu.

An Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([22]) Klaus Regling, Stiúrthóir an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, agus é á mholadh go ndéanfaí an cóimheas fiachais a choigeartú ó 60 % go 100 %, agus an t-easnamh in aghaidh na bliana a choinneáil ag 3 % de OTI.

([23]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 227 agus IO C 105, 4.3.2022, lch. 11.